

## Bailiúcháin Ealaíne Choláiste na Tríonóide

<b>Ealaíontóir:</b>	Arnaldo Pomodoro
<b>Teideal:</b>	Sfera con Sfera (1986)
<b>Meán:</b>	Cré-umha
<b>Láthair:</b>	Leabharlann Berkeley–an réamhchúirt, Coláiste na Tríonóide Bronntanas ón ealaíontóir (le cabhair ó Choláiste na Tríonóide agus ó eagraíochtaí na nIodálach in Éirinn).

Rugadh i Morciano di Romagna, an Iodáil, 1926

Ealaíontóir ildánach lánoilte atá in Arnaldo Pomodoro; tá sé ina sheodóir, ina dhearthóir stáitse, ina ailtire agus ina dhealbhóir. Rinne sé an bhunchéim i bhforas teicneolaíochta i Rimini agus thug sé bliain ag freastal Dhámh na hEacnamaíochta agus na Tráchtála in Bologna. Tar éis an dara cogadh domhanda, d'oibrigh sé ina chomhairleoir ag cuideachta ailtireachta, ag cur chomhairle ar innealtóirí sibhialta faoi athchóiriú na bhfoirgneamh a ndearnadh dochar dóibh sa chogadh. Idir 1950 agus 1954, ba ar dhearadh stáitse agus ar ghaibhneoireacht bhuí a bhí béim aige, ag obair i gcomhar lena dheartháir, Gio Pomodoro. Ar athrú go Milan dóibh, chuir na deartháireacha aithne ar ealaíontóirí a bhí chun tosaigh i ngluaiseacht ealaín na polaitíochta, leithéid Enrico Baj agus Sergio Dangelo. Bhí ceangal acu freisin leis na healaíontóirí clasaiceacha a bhain leis an ngluaiseacht Continuita a cuireadh ar bun sa bhliain 1961. Ó bhlianta na 1980idí, is i ndearadh seiteanna d'imeachtaí móra amharclannaíochta is mó a spéis, agus *Oedipus rex* le Stravinsky (Siena, 1988), *Antigone* le Jean Anouilh (1996) agus *Tempest* le Shakespeare (1998) ar an gcuid is mó suntas. Rinne sé teagasc ag forais iomráiteacha de leithéid ollscoileanna Stanford agus Berkeley. Bhronn Coláiste na Tríonóide Céim Onórach sa Litríocht air sa bhliain 1992. I Milan atá a chónaí agus an láthair oibre aige.

Sa bhliain 1963 a cuireadh an chéad sraith *Sphere* ar fáil agus tá an mhóitíf sin ina shaothar ó shin i leith. Rinneadh na saothair seo a theilgean as múnlaí plástair de bhunsaothair cré. Ní nach ionann ar chor ar bith agus mionobair an ghabha buí, ligeann mórscála na sféar do Pomodoro ní a chruthú lena mbaineann soiléire agus fairsinge. Fágтар bunchruthanna an chiúib, an tsorcóra agus an sféir gan cheilt, iad á dtarraingt ó chéile go ndírítear aird ar an déanamh taobh istigh, go bhfeictear an uigeacht agus an éagsúlacht a bhíonn faoin dromchla mín. "Córais comharthaí" a thugann Pomodoro ar an inneachar seo, iad ceangailte le córais chasta na dteangacha nó na n-orgánach. Tuigtear neach beo, cruth mianraí, agus an Domhan ón sféar; is féidir a cheapadh leis an stróiceadh tríd gur réabadh a tharla a d'fhág amharc ar shraitheanna eile isteach go dtína chroílár. Is é léargas a thagann

Tá eolas san alt seo a tháinig ó [www.oxfordartonline.com](http://www.oxfordartonline.com)

Arna chur le chéile ag Kirsten Southard, Intéirneach Mic Léinn mar Chúntóir ag an gCoimeádaí 2009, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath – intéirneacht le ciste ó Chumann agus Iontaobhas Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath.

### **Bailiúcháin Ealaíne Choláiste na Tríonóide**

ón tuiscint sin go bhfuil cuireadh á thabhairt ag Pomodoro do dhaoine dul timpeall na cruinne, in aithris ar ghluaiseacht síorthimpeall na bpláinéad.

Tá saothair eile de chuid an ealaíontóra ar fáil in:

Iarsmalann na Vatacáine, Cathair na Vatacáine  
Ceanncheathrú na Náisiún Aontaithe, Nua-Eabhrac.